

Ní ar aois meadhaighthear mac ríogh

[Carney, James: *Poems on the O'Reillys*, Dublin, 1950, poem 14]

1 Ní ar aois meadhaighthear mac ríogh;
rath as teachtaire don triall;
gibé tí do thogha ríogh
an gníomh do-ní rogha riamh.

2 Mac Aodha ar airrdhibh do shín
re hairdteisd in taobha tuaidh;
mó ná a ndubhradh a chlú a ccéin,
reidh is dú cunnradh in chuain.

3 Ní bérthar le daoinibh díobh
a sgéla a n-aoinfheacht ón ágh;
tóir Danur re a ghleo gan ghaol,
in raon falamh dar leo is lán.

4 Rug Filib fá chabhlach cuain
anlucht 'sna slighthibh re sín;
tarla 'na líon urra a hóil
sul róigh fíon tunna fa thír.

5 Bro fhéinneadh gan eiteach nglíadh
[éntreas ní leigid fá lár]
lucht lér mhínigh meanma ríogh,
sínidh do shíol Fhearghna a n-ágh.

6 Laoich fhearrdha 'na n-éichtaibh uaidh,
béraidh a ndeaghbhladh 'na ndiaidh;
clú mílidh ó 'd-chluin a ccéin
sínidh féin dá ghuin a nglíaidh.

7 Rug Pilib tromlucht a dtrágh
a chonradh nach sirfe saor,
faghlaidh suain do raghain ríogh,
fíon cuain do thanaigh re a thaobh.

8 Re neart lámh tathaighid tír,
Raghallaigh 'na lár dá léim;
gur bhlagh cairthe diamhra in dúin
d'fhaithche múir iarla ní éir.

9 Do thonn diomdha a ndoimhne gliadh
fá oighre biodhbhadh gur bhual;
mairg fá mbualtair t'fhala a n-ágh,
lán mara do chuartaigh cuan.

10 Ní tearc laithe a mbeire a bhuaidh,
meinic do raibhte 'gá rígh,
rí nár chleacht righe re a fhréimh,
do shlighe réidh teacht 'na thír.

11 Sí a n-aoinfheacht ar teacht as-teach,
gérbh fhada a ríoghacht fá rath,
rí ar h'omhan do-cháidh a gcruth
nár ghuth dáil comhadh a gcath.

12 Mó is meinic do ghníomh-sa a ngliaidh
mur dhídean ar deireadh slóigh;
gach snaidhm dá sgaoilfe a ngurt gáidh
ní mhaoidhfe ar mhnáibh re hucht n-óil.

13 Traoi chédna sgaoileadh do sgél,
sgéla do ríthreas re a rádh;
mur thasg mbainnse a mbroghaibh ríogh
romhaibh do shíol h'ainm-si a n-ágh.

14 Buain dá iomghuin gér dhál doirbh,
a n-ágh nír ionnsaigh in t-ainm;
rí riamh dob fhéinnidh ar fheidhm
téighidh a mbeirn gliadh red ghairm.

15 Sluagh fíochmhar lé ttéighe a dtír,
ní hésgaidh díorma 'na dheoidh;
laoich budh lucht tobhaigh don Táin,
nír tháir oraibh a ngurt gleoidh.

16 Ní measda ar ríomhnáibh a rún
fá a ndíoghbháil a ndeaghaidh gliadh;
d'eis do chean im chathraigh ríogh
do shíol bean athghuil fá fhiadh.

17 Ceo aidhbhsíoch togbhuid ós tír
gur folchadh na hairde ar t'fhéin,
dé ós caithir 'sa rian róibh
trian slóigh a laithibh nach léir.

18 Ceann sluaigh fá suaithnidh a dhíoth,
fá bhuaidh a nguaisbheirt gér ghnáth,
sí romhaibh ag teacht gan triath,
sgiath do chleacht conair tré chách.

19 Rug daoirse don deoraidh géill
[eolus a dhaoine ag gach dáimh],
giall a ndruid fhuairidhe uaibh
nach bhfuair guailidhe ar fhud n-áigh.

20 A ló taisdil tíre in ríogh
[go síne tairse ar gach taobh]
rí dár chóir geimhiol ar giall
ar deireadh gliadh róibh 'sa raon.

21 Léim a tachar deit gér dhoirbh
ní hantar a ngleic red ghairm;
sénaidh rí a uaisle ót fheidhm
do bhí a mbeirn uaibh-si gan ainm.

22 In lá is truma a theaghlach ríogh
níbu hurra deabhtha ad dhál,
rí narbh aoighe a n-uaisle gníomh
gan líon daoine uaibh-si ón ágh.

23 Fiú in umhlacht do-gheibhe a ngliaidh
gur umhlaigh fá dheireadh daoibh
rí do chéimibh fá ceann sluaigh;
ní fhuair geall tréinfhir red thaoibh.

24 Guais biodhbhadh ghabhus re a ghuin
do thathamh nach tiobhradh tail;
guais ceán in Bhréithnigh do-bhir
nimh a bhfear gan éinchneidh air.

25 Ó fhuil Fhearghna do chleacht cliar
breath a meanman gémadh mór;
beanaidh caoilshlighe crodh díobh,
sgol ór Síol Craoidhi-ne ag clódh.

26 Seoid Raghallach rachaidh dóibh
a thaithrighe a tagha in chuain;
fada is léirchreach ar crodh cáigh
sgol a ndáil Bréithneach do bhuail.

27 An lá is truma a theaghlach féin
rugadh a mbearnaidh a bhuaidh,
rí fár bhean a n-ionadh áigh;
ceadh dob áil re siobhal sluaigh ?

28 Tug ar fod ardluisne ós iath,
mur so do snadhmadh an síoth;
tig do ghníomh Fhilib ar áth
nach sirid cách díol 'na ndíoth.

29 Mná ríophuirt ar rochtain sgél
ag síoladh a ngola ón ghleodh,
gan teirce tuirse a dtigh ríogh,

ag sin ón Shíol Cuinn-si a gceol.

30 Líon sluaighidh bearor go Bóinn
[a nguasacht ní dheachaidh díbh
d'eagla in Bhréithnigh re seal suain]
re fuaim a sreabh téighfidh tír.

31 Buaidhridh an ógbhaidh fán iúl
[a nuaghoil tógbhaidh go trágh]
Magh Teamhra fá thighe diadh,
ag triall d'fhine Fhearghna ón ágh.

32 Fada ó Philib aighthe a shlóigh
raibhte mur thigid dá thír,
tug d'aire dá uamhan féin
réim sluaghadh nach raibhe ag rígh.

33 Laoich fhearrdha um Philib re n-ágh,
minic nach snadhmthar a síodh;
cion oidhche ní headh do iarr
roibhte fá fhiadh mBreagh nach bríogh.

34 Gur cuan torchair d'oineach é
re coigil mbronnta ní bhí
iomrádh réir dheiligh a dhlaoi,
gnaoi in einigh gur iomlán í.